# Na Meáin:
# Caint (Forbairtí Teicneolaíochta)

*TEG B2: Aonad 10*

## A: CUMARSÁID

**Caint agus comhrá:**

a) Cad iad na hathruithe is mó atá tagtha ar an teicneolaíocht le linn do shaoil go dtí seo?

b) Cad é an t-aireagán is tábhachtaí le céad bliain anuas, i do thuairimse?

c) Cad é an chéad dul chun cinn mór teicneolaíochta eile atá le teacht, dar leat?

d) Cad í an ghiuirléid is fearr atá agat?

e) Cén aip is mó a mbaineann tú úsáid aisti ar bhonn laethúil?

f) An bhfuil aon chuid den teicneolaíocht a rinne dochar don domhan nó don duine daonna?

g) An bhfuil daoine ag éirí níos mífhoighní anois de bharr na teicneolaíochta?

h) An ndéantar cinsireacht ar an nuacht sa tír seo, dar leat?

i) An síleann tú go bhfuil ré an pháipéir nuachta thart?

j) An mbíonn an nuacht sa tír seo claonta, dar leat?

k) Cén tábhacht a bhaineann le colún Gaeilge a bheith san *Irish Times*, dar leat?

l) Cad a cheapann tú faoi iriseoireacht na Gaeilge sa lá atá inniu ann?

m) Cad iad na slite a bhféadfá foilseacháin Ghaeilge a úsáid chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: CRUTHAITHEACHT

**Cuirfidh an teagascóir i ngrúpa thú agus beidh ort féin agus ar do ghrúpa cur i láthair a dhéanamh os comhair an ranga ar cheann de na roghanna thíos:**

**Rogha 1:**
Cruthaígí aip nua don ghuthán cliste – cén cineál aipe a bheadh ann?

**Rogha 2:**
An teicneolaíocht i gceann 100 bliain eile – cén chuma a bheidh ar chúrsaí?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: MACHNAMH

### Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad